Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí
# Ag Pleanáil don Athrú

## Tacaíocht do Chláir

## Leabhrán Foghlama Gairmiúla 2025-2026

# Clár

Intreoir........................................ 3
Intinní EFG........................................ 4
Uirlis Athmhachnaimh........................................ 5
Príomhdhoiciméid........................................ 6
Polasaí Úsáide Inghlactha (AUP)........................................ 7
Cuspóir an Oideachais........................................ 8
Gníomhaíocht Muileata 9........................................ 9
Físeán Copi agus Paste........................................ 10
Cad é Ba Mhaith linn Dár Scoláirí?........................................ 11
Cad é mar atá muid ag glacadh le hathrú?........................................ 12
Athmhachnamh ar Athrú........................................ 13
Rannpháirtíocht Scoláirí........................................ 14
Rannpháirtíocht Éifeachtach Scoláirí........................................ 14
Plé a Mhapáil ar an Líon Damháin Alla........................................ 15
Ionchur Scoláirí a Lipéadú........................................ 16
Rannpháirtíocht Scoláirí a Spreagadh........................................ 17
Briathra Gnímh sa Seomra Ranga........................................ 18
Briathra Gnímh - Sampla........................................ 19
Príómhinniúlachtaí sa Sraith Shinsearach........................................ 21
Príomhinniúlachtaí Gníómhaíocht Gailearaí Siúlóide........................................ 23
Ag Tacú le Rannpháirtíocht Scoláirí ina gCuid Foghlama........................................ 24
Nótaí maidir le Taithí Chomhroinnte........................................ 25
Ról an Mhúinteora........................................ 26
Rialacha maidir le hIntleacht Shaorga (IS) a úsáid in Obair Chúrsa........................................ 26
Taighde, Tagairt, Tráth Achmhachnaimh........................................ 27
.Am Pleanála na Rannóg Ábhar........................................ 28
Tacaíochtaí Breise........................................ 29
Leabharliosta........................................ 30
Taifead de stráitéisi múnlaithe, cruthaithe agus comhroinnte........................................ 32
Nótaí........................................ 33


# Intreoir

I rith an EFG, bainfear úsáid as na deilbhíní seo a leanas chun tacú le rannpháirtíocht sa lá:




# Áiseanna na Foirne Tacaíochta do Chláir

https://oide.ie/ga/iar-bhunscoil/baile/tacaiocht-chlair/an-tsraith-shinsearach/abhair-foghlama-ghairmiula/



## Intinní EFG


- Chun tuiscint chomhroinnte a fhorbairt ar an gcuspóir atá le hoideachas na sraithe sinsearaí agus chun athmhachnamh a dhéanamh ar ár ról in athrú curaclaim a mhúnlú.
- Chun iniúchadh a dhéanamh ar rannpháirtíocht scoláirí agus ar an gcaoi ar féidir linn scoláirí a mhealladh leis na príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach agus le briathra gnímh na sonraíochtaí nua.
- Chun plé a dhéanamh ar chur chuige na scoile uile maidir le tacú le rannpháirtíocht scoláirí in eispéiris foghlama atá éifeachtach.


## Uirlis Athmhachnaimh

I rith an EFG, bainfimid úsáid as an uirlis athmhachnaimh seo a leanas chun ár smaointeoireacht a rianú:

Breac nóta de aon rud ar bith a d'fhéadfá:

- a Choinneáil
- a Thabhairt Isteach
- a bheith Réidh leis
- a Athrú






## Ag machnamh ar Sheisiún 1:


## Ag machnamh ar Sheisiún 2:


## Ag machnamh ar Sheisiún 3:

## Príomhdhoiciméid


Chun rochtain a fháil ar na hábhair athfhorbartha sa tsraith shinsearach agus ar na treoirlínte maidir le CBManna, tabhair cuairt ar:




**Cruthaíodh Padlet ina bhfuil na príomhdhoiciméid**




# Polasaí Úsáide Inghlactha (AUP)




## Polasaí Úsáide Inghlactha do Scoile a Fhorbairt


Is doiciméad tábhachtach é Polasaí Úsáide Inghlactha ina bpléitear leis na cearta, pribhléidí, freagrachtaí agus smachtbhannaí ar fad a bhaineann le húsáid an idirlín agus na dteicneolaíochtaí digiteacha laistigh den scoil, lena n-áirítear a n-úsáid ar líne agus as líne.





## Cuspóir an Oideachais

Smaoinigh faoin gcuspóir atá ag an oideachas do do scoláirí féin, dar leat.


QUEEN'S UNIVERSITY BELFAST

Inniúlachtaí Scoláire

i Sraith Shinsearach Athfhorbartha

Carol McGuinness

Ollscoil na Ríona, Béal Feirste


Aibreán 2023

…is é atá tar éis eascairt as anailísí ar dhúshláin an 21ú haois ná athmheasúnú ar an méid a chaithfidh scoláirí a fhoghlaim ar scoil chun tacú leo sa saol atá ann faoi láthair agus chun iad a ullmhú le haghaidh saol amach anseo nach bhfuilimid chomh cinnte céanna faoi.

McGuinness, C (2023) Inniúlachtaí Scoláire i Sraith Shinsearach Athfhorbartha. Lth.7

## Gníomhaíocht Muileata 9

- Breac nóta de 12 focal/frása a léiríonn cuspóir an oideachais do do scoláirí.
- Laghdaigh na 12 focal/frása go 9 gcinn.
- Cuir na 8 bhfreagra i gcruth muileata 9 leis an gceann is tábhachtaí ag an mbarr.
- Comhroinn na trí cinn atá ag barr an mhuileata.



Na trí fhocal/fhrása ag an mbarr a bhí ag do ghrúpa:

# Físeán Copi agus Paste




Cén chuid a chuaigh i bhfeidhm ort ó thaobh na mothúchán de?

Ag athmhachnamh ar do chleachtas oideolaíoch, an aithníonn tú tú féin san fhíseán?

## Cad é Ba Mhaith linn Dár Scoláirí?

Agus an ghníomhaíocht muileata 9 déanta agat agus athmhachnamh déanta agat ar an bhfíseán, Copi agus Paste, smaoinigh faoi na ceisteanna seo a leanas:

Aithin cad é ba cheart do do scoláirí a fhorbairt go mbeidh siad faoi bhláth anois agus sa todhchaí.

Cad iad na deiseanna atá ann i do sheomra ranga chun sin a éascú?

## Cén dóigh a bhfuil tú ag glacadh le hathrú?

**Foinse: Carol S. Dweck, PhD, Mindset, The New Psychology of Success**

**Bíonn athrú doiligh**: Tosaigh amach le rud beag. Ní gá duit triail a bhaint as gach rud ag aon am amháin. Glac le luathiarrachtaí mar chleachtadh, chan mar theip.

**Téann tú i ngleic le hathrú**, fiú nuair a bhíonn sé dúshlánach:
Bí réidh do roinnt míchompóird, is cuid den fhoghlaim é. Bain úsáid as aiseolas chun athrú, chan chun breithiúnas a dhéanamh ort féin. Coinnigh ort, fiú má mhothaíonn dul chun cinn fadálach.

**De ghnáth glacann tú go dearfach le hathrú**:
Fan oscailte agus fiosrach. Bí tuisceanach nach mbíonn athrú furasta ag gach duine. Comhroinn na rudaí ar éirigh leo nó nár éirigh leo.

.

## Athmhachnamh ar Athrú

| Cén toradh a fuair tú? |
| --- |
| |

| Cad é a chuir iontas ort maidir le do thoradh? |
| --- |
| |

| Cén tionchar atá ag an toradh seo ar do chleachtas? |
| --- |
| |

## Rannpháirtíocht Scoláirí

Cad é mar a mheallann tú scoláirí go héifeachtach sa tsraith shinsearach?

## Rannpháirtíocht Éifeachtach Scoláirí


### Plé le Líon Damhain Alla




Suíonn na scoláirí i gciorcal



Suíonn an múinteoir taobh amuigh den chiorcal ag breathnú agus ag mapáil an chomhrá.




Cuirtear ceist nó leid plé ar taispeáint do na scoláirí.




Tugtar fad ama ar leith don phlé agus cuirtear clog ar taispeáint.



Cuirtear tús le plé ar an gceist/nod don fhad ama sin. Ní dhéanann an múinteoir aon idirghabháil.



Agus an t-am istigh, tagann an múinteoir isteach sa chiorcal agus tugann sé/sí aiseolas maidir leis an bplé.



Taispeánann an múinteoir an léaráid de líon damhain alla agus dírítear aird ar phointí suntasacha.




I gcomhar le chéile, úsáideann na scoláirí agus an múinteoir an rúibric chun aiseolas a phlé agus chun athmhachnamh a dhéanamh ar an bplé.

# Plé a Mhapáil ar an Líon Damháin Alla

1) Scríobhann an múinteoir ainmneacha na bhfoghlaimeoirí atá páirteach ar leathanach mór nó ar chlár atá leagtha amach i gcruth ciorclach.

2) Nuair a thosaíonn an chéad scoláire ag labhairt, cuireann an múinteoir ciorcal thart ar ainm an scoláire sin, mar chomhartha ar cé a thosaigh an plé.



Rannpháirtí A

Rannpháirtí B

Rannpháirtí C


Rannpháirtí D

Rannpháirtí F

Rannpháirtí

3) Nuair a fhreagraíonn an chéad scoláire eile an scoláire sin, tarraingíonn an múinteoir líne ón chéad scoláire chuig an chéad scoláire eile, agus mar sin.

4) Leanann an múinteoir ar aghaidh ag tarraingt na líne a dhéanann mapáil ar ionchur atá soiléir, a bhaineann le hábhair de réir mar a théann an plé ar aghaidh.




5) Is féidir leis an mhúinteoir cóid a chur in aice le hainmneacha na scoláirí chun caighdeán an ionchuir a chur in iúl.

6) Sa chás go mbíonn línte troma le feiceáil i ndiaidh an phlé, cuir na scoláirí ag machnamh ar an luach atá le próiseas plé atá daonlathach.

## Plé le Líon Damhain Alla


San íomhá thíos feicfidh tú an dóigh a ndearna múinteoir measúnú ar phlé ranga. Is féidir leis deis iontach athmhachnaimh a thabhairt don mhúinteoir agus dá scoláirí. Is féidir é seo a athrú le bheith ag fóirstean do do chomhthéacs féin.



## Ionchur Scoláirí a Lipéadú

Is sampla é an tábla thíos den chódú a d'fhéadfadh a úsáid sa Phlé le Líon Damhain Alla. Arís, is féidir é seo a athrú le bheith ag fóirstean do do chomhthéacs féin.

| Cód | Gníomh Scoláire |
|---|---|
| **C** | Ceist a chur |
| **PL** | Pointe leantach |
| **T** | Tagairt |
| **A** | Aontú le pointe a rinneadh |
| **EA** | Easaontú le pointe |
| **N** | Nascadh idir pointí agus an téacs |




## Rannpháirtíocht Scoláirí a Spreagadh

**Duine A agus B:**
Cuir síos ar eispéireas foghlaimeora ina raibh do scoláirí páirteach go gníomhach i do sheomra ranga na Sraithe Sinsearaí.

**Breathnóir:**

Cad é an t-eispéireas foghlaimeora a bhí ann?

Cad é a spreagann rannpháirtíocht scoláirí?

Cad é mar a mheall an t-eispéireas foghlaimeora gach foghlaimeoir?

# Briathra Gnímh sa Seomra Ranga

## Plé le Líon Damhain Alla




Suíonn na scoláirí i gciorcal.



Suíonn an múinteoir taobh amuigh den chiorcal ag breathnú agus ag mapáil an chomhrá.

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Cuirtear ceist nó nod plé ar taispeáint do na scoláirí.







Tugtar fad ama ar leith don phlé agus cuirtear clog ar taispeáint.

Cuirtear tús le plé ar an gceist/nod don fhad ama sin. Ní dhéanann an múinteoir aon idirghabháil.





Agus an t-am istigh, tagann an múinteoir isteach sa chiorcal agus tugann sé/sí aiseolas maidir leis an bplé.



Taispeánann an múinteoir an léaráid de líon damhain alla agus dírítear aird ar phointí suntasacha.




I gcomhar le chéile, úsáideann na scoláirí agus an múinteoir an rúibric chun aiseolas a phlé agus chun athmhachnamh a dhéanamh ar an bplé.

Cad iad na briathra gnímh a d'fhéadfadh a ghníomhachtú tríd an eispéireas foghlaimeora seo?

Cad é mar a d'fhéadfadh na briathra gnímh seo a ghníomhachtú i do sheomra ranga agus an t-eispéireas foghlaimeora seo in úsáid?

## Sampla

Plé le Líon Damhain Alla

**Briathar/Briathra Gnímh**

Briathar/Briathra: Forbair agus Measúnaigh

Forbair- Déan smaoineamh nó coincheap a fhorbairt do phíosa oibre atá beartaithe

Measúnaigh- fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnas agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnas a thabhairt faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna. (Sonraíocht Curaclaim do Bhéarla na hArdteistiméireachta, Lth.28)

**Cur síos ar an eispéireas foghlaimeora a ghníomhachtaíonn an briathar / na briathra gnímh:**
Suíonn na scoláirí i gciorcal plé chun an cheist seo a fhiosrú: "Cé chomh freagrach is atá Macbeth as a aimhleas féin, agus cén tionchar atá ag fórsaí eile chomh maith? (Lady Macbeth, na cailleacha, uaillmhian, cinniúint)

**Forbair**:

- Agus malairt foghlama in úsáid mar chur chuige, ullmhaíonn na scoláirí trí nótaí a chur leis na príomhshleachta sa bhaile (m.sh. féinuiríoll Macbeth, áitiú Lady Macbeth) go dtagann siad isteach réidh chun fianaise théacsúil a nascadh le coincheapa níos leithne amhail freagracht, moráltacht, nó ionramháil.
- Trí Smaoinigh, Péireáil, Roinn a dhéanamh, déanann gach scoláire machnamh aonair ar dtús, téann siad i bpéirí chun plé a dhéanamh, roimh fhorbairt a dhéanamh ar a smaoineamh sa phlé le líon damhain alla trí thógáil ar ionchur ó phiara.

**Measúnaigh**:

- Bailigh agus Scrúdaigh Fianaise: Sa chiorcal le líon damhain alla, tugann scoláirí fianaise chun cinn agus comhroinneann siad í os ard. Tosaíonn an múinteoir de bheith ag mapáil na n-ionchur ar an líon damhain alla.
- Ceistiú idir Piarí: Ceistíonn agus leathnaíonn na scoláirí pointí a chéile, ag tabhairt breithiúnais ar an bhfianaise is mó a neartaíonn nó a lagaíonn ceist na freagrachta i leith Macbeth.
- Leideanna Struchtúrtha Díospóireachta: Déanann na scoláirí léirmhínithe éagsúla a mheasúnú, ag meas láidreachta na n-argóintí áirithe. Treoraíonn na leideanna iad chun smaoineamh faoi thuiscintí éagsúla agus faoi phointí malartacha.
- Cairt den Líon Damhain Alla mar Chomhpháirt Dheiridh: Amharcann an múinteoir siar ar an líon damhain alla comhlánaithe leis an rang, ag léiriú mar a forbraíodh smaointe, mar a rinneadh measúnú ar fhianaise, agus mar a nascadh léirmhínithe. Bíonn an chairt mar thaifead físiúil de chomhréasúnaíocht, a dhíríonn aird ar an idirghníomh idir na briathra gnímh 'forbair' agus 'measúnaigh'.
- Ceist Athmhachnaimh a bhaineann leis an bpríomhinniúlacht Smaointeoireacht agus Réiteach Fadhbanna: "Cad é mar a bhí sé ina chuidiú, píosaí éagsúla fianaise a mheas inár bplé, chun breithiúnas níos réasúnta a thabhairt ar fhreagracht Macbeth as a aimhleas féin?"

## Sampla ar lean

**Cad é mar a d'fhéadfadh an t-eispéireas foghlaimeora do scoláirí a mhealladh go héifeachtach?**

- Ullmhúchán Gníomhach (malairt foghlama): Mar gheall ar nótaí a chur le sleachta sa bhaile, tagann scoláirí réidh le fianaise, rud a thógann muinín agus a chinntíonn ionchur níos saibhre. Cruthaíonn an t-ullmhúchán gníomhú agus freagracht don phlé.
- Rannpháirtíocht Ionchuimsitheach (Smaoinigh, Péireáil, Roinn): Cinntíonn an struchtúr go mbíonn guth ag gach scoláire. Tacaíonn athmhachnamh aonair le smaointeoireacht, cuireann péireáil le muinín, agus forbraíonn smaointe i gcomhar a chéile mar gheall ar an roinnt sa chiorcal.
- Smaointeoireacht Chriticiúil Chomhoibríoch (Ciorcal le Líon Damhain Alla): Ní faighteoirí neamhghníomhacha d'ionchur an mhúinteora iad na scoláirí. Cruthaíonn siad ciall go gníomhach le chéile. Tacaíonn ceistiú idir piaraí agus leideanna struchtúrtha díospóireachta leo chun barúlacha a cheistiú, fianaise a mheas agus breithiúnas a bheachtú.
- Próiseas Físiúil (Cairt den Líon Damhain Alla): Tugann an chairt taifead inbhraite ar an gcomhréasúnaíocht. Feiceann scoláirí an dóigh a nascann a n-ionchur le hionchur eile, rud a spreagann rannpháirtíocht agus a léiríonn an luach atá le comhoibriú.
- Nasc Priomhinniúlachta (Smaointeoireacht agus Réiteach Fadhbanna): Nascann an cheist athmhachnaimh an ghníomhaíocht le príomhinniúlacht na sraithe sinsearaí go follasach trí smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh. Tacaíonn sé sin le scoláirí chun aithint go bhfuil siad ag forbairt scileanna inaistrithe taobh amuigh den anailís liteartha.

# PRÍOMHINNIÚLACHTAÍ SA tSRAITH SHINSEARACH

## Smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna

- smaointeoireacht chriticiúil a chur i bhfeidhm i suíomhanna a mbeadh cur amach acu orthu agus i suíomhanna úra araon.
- fadhbanna a shainaithint, teacht aníos le réitigh fhéideartha agus cinntí eolasacha a dhéanamh.
- réimse de straitéisí smaointeoireachta, luachanna agus meonta a fhorbairt agus a úsáid chun forbairt a dhéanamh agus freagairt chriticiúil a thabhairt ar cheisteanna agus tascanna agus chun fadhbanna a réiteach.

## Foghlaim a bhainistiú agus féinbhainistiú

- a chuid foghlama féin a bhainistiú, le tacaíocht óna mhúinteoirí, daoine fásta eile, a chuid comhscoláirí agus ón teicneolaíocht.
- straitéisí, luachanna agus meonta a fhorbairt lena dtacófaí lena chuid foghlama agus a chonair saoil amach anseo.

## A bheith cruthaitheach

- a bheith cruthaitheach agus réimse de straitéisí agus próisis a fhorbairt a thacódh lena gcruthaitheacht.
- luachanna agus meonta a fhorbairt lena gcothófaí a gcruthaitheacht.




## Folláine a chothú

- d'fholláine féin agus folláine daoine eile a chothú.
- luachanna agus meonta a fhorbairt lena dtacófaí leis an bhfolláine agus leis an acmhainn plé le agus freagairt do dhúshláin.

## Cumarsáid

- a thuiscint ar fhoirmeacha éagsúla cumarsáide a dhoimhniú agus ar an ábhar a bhfuil staidéar á dhéanamh aige air.
- cumarsáid bhríoch éifeachtach a dhéanamh, ag úsáid uirlisí agus formáidí éagsúla, ar chúiseanna éagsúla agus le spriocphobail éagsúla.
- nósanna agus meonta todhchaí a fhorbairt a chabhróidh leis, dá réir, cumarsáid bhríoch éifeachtach a dhéanamh.

## Rannpháirtíocht sa tsochaí

- rannpháirtíocht bhríoch a dhéanamh ar scoil, sa phobal agus sa tsochaí níos leithne.
- luachanna agus meonta a fhorbairt lena dtacófaí le rannpháirtíocht bhríoch.

## Obair le daoine eile


- a bheith ag obair ar bhonn comhoibritheach i mbeirteanna, i ngrúpaí agus i bhfoirne.
- straitéisí, luachanna agus meonta a fhorbairt a fhágfaidh gur eispéireas níos fiúntaí é an comhoibriú le daoine eile.

le haghaidh tuilleadh acmhainní

ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach

NCCA

# PRÍOMHINNIÚLACHTAÍ SA tSRAITH SHINSEARACH





le haghaidh tuilleadh acmhainní

ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

## Gníomhaíocht maidir le Príomhinniúlachtaí




Roghnaigh toradh foghlama ó phríomhinniúlacht.

Cad é mar is féidir leat eispéiris foghlaimeora a chruthú a spreagann do scoláirí chun dul i ngleic leis an toradh foghlama?

## Ag Tacú le Rannpháirtíocht Scoláirí ina gCuid Foghlama

Déan plé ar an dóigh a dtacófá le scoláirí chun dul i ngleic le tasc agus na ceannteidil thíos in úsáid.

| Tús a chur leis | Ag tacú leis an bhfoghlaim agus í a chothú | Gníomhaíochtaí éagsúla a bhainistiú | Aiseolas a thabhairt | A chur i gcrích |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

Cad é an rud is dúshlánaí faoin bpróiseas?

Cad é mar ba cheart do scoláirí a ndul chun cinn a thaifeadadh?

Cad é mar a chinntíonn tú go gcloítear le spriocdhátaí?

Cá mhéad taighde atá ina bharraíocht?

## Nótaí ar thaithí chomhroinnte

Cad é mar a spreagann tú scoláire chun machnamh a dhéanamh?

Cad é mar a láimhseálann tú bradaíl?

Cá huair a thiontaíonn ceartú ina chomhscríobh?

Cad é mar a choinníonn tú inspreagadh i rith an phróisis?

Ceist ar bith eile?

Cad é mar a dhéanann scoláirí taighde le chéile?

# Ról an Mhúinteora

## Ról an mhúinteora

Tá ról tábhachtach ag an múinteoir ó thaobh tacaíocht a thabhairt d'obair an scoláire ar an Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, agus é a mhaoirsiú. Ba cheart teagasc agus foghlaim a bhaineann leis an gcomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis a chomhtháthú i gcleachtas leanúnach sa seomra ranga chun deiseanna a uasmhéadú don scoláire torthaí foghlama na sonraíochta a bhaint amach agus tacú le príomhinniúlachtaí a fhorbairt.
Tugann eisiúint na treorach comónta ag CSS i dtéarma a dó de bhliain a haon deis do mhúinteoirí riachtanais agus ábhar na treorach a threorú ó chéim luath foghlama san ábhar. Éascófar do mhúinteoirí freisin agus iad ag pleanáil le CMB a chomhtháthú, de réir mar is cuí, i ngnáth-shreabhadh an teagaisc agus na foghlama sa seomra ranga.

D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- riachtanais threoir an Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo, a shoiléiriú
- cabhrú leis an scoláire tuiscint a fháil ar an mbaint atá ag an treoir atá eisithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit don Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, le sonraíocht Ghnó na hArdteistiméireachta
- aon réimse faoi leith den tsonraíocht a aithint ar ghá don scoláire dul i ngleic leis chun tabhairt faoin gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis

[Ábhair na Sraithe Sinsearaí | Curaclam Ar Líne]

Cad é mar a thacaíonn sin le múinteoirí?

Cad é an tionchar a bheidh aige ar do chleachtas?

# Rialacha maidir le hIntleacht Shaorga (IS) a úsáid in Obair Chúrsa an CSS

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**Rialacha agus Nósanna Imeachta Obair Chúrsa 2025-2026**

## Aguisín 2 – Rialacha maidir le hIntleacht Shaorga (IS) a úsáid in Obair Chúrsa an CSS

### Réamhrá

Áit a n-úsáidtear uirlisí Intleachta Saorga (IS) (lena n-áirítear bogearraí agus feidhmchláir) in obair chúrsa na scrúduite Stáit, ní mór é a reáchtáil ar bhealach freagrach agus eiticiúil. Tá sé seo riachtanach chun sláine acadúil a chothabháil agus lena chinntiú go léiríonn obair na n-iarrthóirí an tuiscint atá acu agus a gcuid iarrachtaí. Níor chóir uirlisí IS a úsáid le hábhar don obair chúrsa a ghiniúint. Ach, d'fhéadfadh uirlisí IS cuidiú le smaointe a ghiniúint, taighde a reáchtáil, nó cur leis an soiléiriú, ar an gcoinníoll go ndéantar an úsáid a bhaintear aisti a thaifeadadh go soiléir, sa bhealach céanna ina gcaitear leis na foinsí taighde uile san obair chúrsa.

CSS, Rialacha agus Nósanna Imeachta Obair Chúrsa 2025-2026, Aguisín 2, Lgh. 33-36

## Taighde, Tagairt, Tráth Achmhachnaimh

Smaoinigh faoi na leideanna thíos agus déan mata boird bunaithe ar an ábhar a tugadh duit.

Cad a ag obair go maith?

Dúshlán

Gníomhaochtaí

Deiseanna

Príorachtaí

1.

2.

3.

## Am Pleanála na Rannóg Ábhar

Sna grúpaí ábhar, déan athmhachnamh ar na príomhghnéithe san EFG inniu.

Smaoinigh faoin dóigh a bhfuil eispéiris foghlaimeora á bpleanáil agat a mheallann do scoláirí sa tsraith shinsearach.

Déan iniúchadh ar aon aonad oibre atá le teacht agus déan athmhachnamh ar na heispéiris foghlaimeora a dhear tú a mheallann do scoláirí ina gcuid foghlama.

- Príomhinniúlachtaí
- Briathra Gnímh
- Obair Chúrsa

# Tacaíochtaí Breise

## Oide.ie

**Sa rannán seo, cuirtear tacaíocht ar fáil, ábhair foghlama ghairmiúla agus eolas ar ábhair iar-bhunscoile, tacaíocht do chláir (lena n-áirítear an tSraith Shóisearach, an Idirbhliain, an tSraith Shinsearach, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta) agus tacaíochtaí do réimsí amhail Oideachas Ionchuimsitheach, pleanáil DEIS, pleanáil Churaclaim don Fholláine agus Cruthaitheacht san Oideachas.**

Gheobhaidh tú eolas ar imeachtaí foghlama gairmiúla sna réimsí seo agus beidh tú in ann clárú dár liostaí seachadta éagsúla. Gheobhaidh tú naisc freisin chuig doiciméid oifigiúla a bhaineann le hoideachas iar-bhunscoile in Éirinn, ar nós sonraíochtaí ábhair, treoirlínte measúnaithe, agus ciorcláin na Roinne Oideachais a foilsíodh le gairid.

Tá súil againn go mbeidh na tacaíochtaí seo ina gcabhair duit agus táimid ag súil le bheith ag obair leat amach anseo.

**– Rannán na nÁbhar Iar-bhunleibhéil –**

## Oide Teicneolaíocht san Oideachas




## Scoilnet






## Leabharliosta

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta (CNCM). (2019). Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Cáipéis Comhairliúcháin. Ar fáil ag: https://ncca.ie/media/4024/sc-review-consultation-july-2019.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta (CNCM). (2019). Senior Cycle Review: Public Consultation, September 2019. Ar fáil ag: https://www.ncca.ie/media/4046/sc3_bulletin_english_919_web.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta (CNCM). (2022). Leading and Supporting Change in Schools: A Discussion Paper. Ar fáil ag: https://ncca.ie/media/2123/leading_and_supporting_change_in_schools_a_discussion_paper.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta (CNCM). (2024). Treoirlínte chun tacú leis an Tionscadal Gníomhaíochta i nGníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/getmedia/73252104-823e-4a8f-9650-af1144adf110/AAC_Guidelines_LC-CASD_Final.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta (CNCM). (2024). Treoirlínte chun tacú leis an bhFiosrúchán Bitheolaíochta i gCleachtas Bitheolaíocht na hArdteistiméireachta. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/getmedia/fc6493fa-f5d7-4c8e9c823fcd268ce1ba/AAC_Guidelines_Biology_Final.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta (CNCM). (2024). Treoirlínte chun tacú le Cur i gCrích an Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo Gnó na hArdteistiméireachta. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/getmedia/875b16f7-be29-4c0e-acec-42eefcb88f75/AAC_Guidelines_LCBusiness_November-2024_EN.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta (CNCM). (2024). Treoirlínte chun tacú le Tionscadal Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta: An Chruthaitheacht i gCleachtas. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/getmedia/5a12aa18-f032-4dc6-b340-0746bdbe9f09/AAC_Guidelines_DFTS_EN.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta (CNCM). (2024). Ardteistiméireacht, Siollabas Bitheolaíochta. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/getmedia/04e86311-7225-4cf3-a723-675e33154daf/SC-BIOLOGY-Spec-ENG.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta (CNCM). (2024). Ardteistiméireacht, Siollabas Gnó. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/getmedia/e81ccca9-fdf5-42e9-a291-52e9549820c9/SC-Business-Spec-ENG.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta (CNCM). (2024). Sonraíocht churaclaim do Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/getmedia/df1d6c85-f630-436f-9383-7503b64d6ed5/SC-Climate-Action-Sustainable-Dev-Spec-ENG.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta (CNCM). (2024). Sonraíocht churaclaim do Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/getmedia/a25c493e-1ab5-443f-a14e-b47180d2e14d/LC-Drama-Film-and-Theatre-Studies-Spec_EN.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta (CNCM). (2024). Ráiteas an Chláir Idirbhliana. Ar fáil ag: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/5849acbf-0326-487a-beec-3db6b5878470/TY-Programme-Statement-ENG-INT.pdf

An Roinn Oideachais agus Óige. (2024). Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí – Nóta Eolais do Scoileanna, Bealtaine 2024 (Eagrán 5). Ar fáil ag: https://www.gov.ie/en/department-of-education/campaigns/senior-cycle-redevelopment/

An Roinn Oideachais agus Óige. (2025). Treoir maidir leis an Intleacht Shaorga i Scoileanna. Ar fáil ag: https://assets.gov.ie/static/documents/dee23cad/Guidance_on_Artificial_Intelligence_in_Schools_25.pdf

An Roinn Oideachais agus Óige. (2025). Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí – Nóta Eolais do Scoileanna, Bealtaine 2024 (Eagrán 13). Ar fáil ag: https://assets.gov.ie/static/documents/99d04e36/Senior_Cycle_Redevelopment_Information_Note_to_Schools_13_November_2.pdf

CGMeetup. (2015). CGI gearrscannán beochana “Alike” le Daniel Martínez Lara & Rafa Cano Méndez. YouTube video, 8:01. Ar fáil ag: https://www.youtube.com/watch?v=PDHIyrfMl_U

Coimisiún na Scrúduithe STáit (2025). Rialacha agus Nósanna Imeachta Obair Chúrsa 2025-2026. Ar fáil ag: https://www.examinations.ie/docs/viewer.php?q=f6aceaad84e313de562fc03dc827478372eaaad9

Dweck, C. S. (2006). Mindset: The new psychology of success. New York: Random House.

Heaney, S. (1979). Scaffolding. In Field Work. London: Faber and Faber.

McGuinness, C. (2023). Inniúlachtaí Scoláire i Sraith Shinsearach Athfhorbartha. Ar fáil ag: https://ncca.ie/media/6268/key_competencies_report-senior-cycle_2023_en.pdf

O’Donnell, S. (2018). Upper Secondary Education in Nine Jurisdictions: Overview Report for the NCCA. National Council for Curriculum and Assessment (NCCA). Ar fáil ag: https://ncca.ie/en/resources/upper-secondary-education-in-nine-jurisdictions-overview-report/

OECD. (2020). Education in Ireland: An OECD Assessment of the Senior Cycle Review, Implementing Education Policies. Paris: OECD Publishing. DOI: https://doi.org/10.1787/636bc6c1-en

Smyth, E., McCoy, S., & Banks, J. (2019). Student, Teacher and Parent Perspectives on Senior Cycle Education. Research Series Number 94. Dublin: Economic and Social Research Institute (ESRI). DOI: https://www.esri.ie/publications/student-teacher-and-parent-perspectives-on-senior-cycle-education

Webwise. (2025). Uirlis Ginte AUP. Ar fáil ag: https://www.webwise.ie/aup-2/

**Nótaí**

Cruthaíodh an spás seo le taifead a choinneáil ar na straitéisí múnlaithe, roinnte agus cruthaithe le linn an EFG

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers